Údarás na Gaeltachta

Scoláireacht Chumarsáide

Tá Scoláireacht Chumarsáide, a mhairfidh suas le dhá bhliain, á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine fuinniúil, cruthaitheach a bhfuil Gaeilge líofa aici/aige, chun taithí phraiticiúil agus oiliúint fhoirmiúil a fháil i réimse na cumarsáide, an chaidrimh phoiblí agus na margaíochta.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal i gcumarsáid, i margaíocht nó i gcaidreamh poiblí atá á lorg. Ní mór cruinneas maith scríofa agus labhartha Gaeilge agus Béarla a bheith ag iarratasóirí, chomh maith le scileanna ríomhaireachta agus eolas maith ar ardáin na meán sóisialta.

Is buntáiste a bheadh ann scileanna i ndearadh grafach agus/nó i gclosamharc a bheith ag iarrthóirí. Is deis é seo do dhuine cumasach taithí a fháil in eagraíocht atá ag plé le réimse leathan earnálacha gnó agus forbartha pobail, i dtimpeallacht oibre spéisiúil.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe. Íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an té sin chomh maith le costais a bhainfeadh le cúrsaí oiliúna, costais iarchéime nó cáilíochtaí gairmiúla san áireamh.

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge, chuig foluntais@udaras.ie nó chuig;

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,

Údarás na Gaeltachta,

Na Forbacha,

Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 503100 **Ríomhphost:** foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.